Na Cnocadóirí
Nuacht an Fhómhair

Féilire: Meán Fómhair—Nollaig 2008

Seo liosta d'imeachtaí an Fhómhair agus an Gheimhridh.
Scaipfear sonraí breise níos déanaí mar gheall ar gach ceann díobh.

28 Meán Fómhair (Domnhach)	**Siúlóid**: Gleann Dá Loch (Cam an Doire, An Taiscumar, An Log Dubh)
10-12 Deireadh Fómhair (Aoine—Domhnach)	**Deireadh seachtaine** cnocadóireachta Dún Lúiche, Tír Chonaill
12 Deireadh Fómhair (Domhnach)	**Siúlóid** i gcomhar le hOifig na Gaeilge, DIT, Sráid Chaoimhín. Fáilte roimh chách. Tigh an Tearmainn (Maoilín)
20 Deireadh Fómhair (Luan)	Cruinniú Ceann Bliana an chlub. D.I.T. Sráid Chaoimhín.
7 Samhain (Domhnach)	**Siúlóid**: Gleann Dá Loch (siúlóid éagsúil ón 28/09)
23 Samhain (Domhnach)	**Siúlóid**: Dún Ard (idir Cillín Chaoimhín agus Gleann Ó Máil)
05 Nollaig (Aoine)	Dinnéar na Nollag
07 Nollaig (Domhnach)	**Siúlóid** éasca. Dírithe ar thosaitheoirí go háirithe. Bré go dtí na Clocha Liatha.
21 Nollaig (Domhnach)	**Siúlóid** dheireanach 2008. An Láithreach

Cuid de na Cnocadóirí ar Cheann Toirc i rith an tsamhraidh

Cruinniú Ceann Bliana

Beidh deis ag **baill an chlub** coiste nua a thoghadh ag an gcruinniú ceann bliana ar an 20 Deireadh Fómhair. Scaipfear eolas agus clár oraibh go luath. Ach faoi láthair is iad baill an choiste ná:

Uachtarán: Rory

Cathaoirleach: Seán Ó F

Cisteoir: Christy

Rúnaí: Marie

Oifigeach Gaeilge: Máirtín

Táthar ag súil le **hoifigeach nua** a cheapadh ar an oíche: Oifigeach Imeachtaí.